tuarascáil seo ina bharrchríoch ar phróiseas fairsing comhairliúcháin agus taighde agus dob é seo an chéad uair a rinneadh a leithéid in Éirinn maidir le hardoideachas agus taighde. Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna an cleachtadh seo i gcompháirt leis an ÚAO. Caitheadh mórán d'acmhainn an ÚAO ar thionscadal a measadh dúinn a bheith riachtanach le treoir a thabhairt don ÚAO agus don earnáil.

Braitheann polasaí stuama ar chomhairle stuama agus ar shonraí iontaofa. Píosa eile oibre a rinne an ÚAO, agus arís ina thosaíocht i mórán dá príomhghhnéithe, ab ea foilsíú i nDeireadh Fómhair ar staidreamh mioninsteach agus ar fhaisnéis maidir le coinneáil agus dul chun cinn. Cion tairbhe tábhachtach a bheidh sa staidéar substaintiúil seo ar fhorbairt chlár dírithe ar dheimhin a dhéanamh de go gcríochnóidh lón níos mó mac léinn a gcuid ardoideachais. Téann breis is 85% de mhic léinn na hÉireann ar aghaidh ón chéad go dtí an dara bliain - rud is ionann agus feidhmíocht inmholta trí chéile de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta. Ar a shon sin, léirigh an staidéar pócaí tearcfeidhmíochta suntasacha gur gá aghaidh a thabhairtanois orthu le gníomhaíocht spriocdhírithe.

Bhí cuidiú le tógáil feasacha ar thábhacht na ndaonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta don pholasáí poiblí ina ghnóthachtain mór le rá ag an ÚAO in 2010 nuair a foilsíodh plépháipéar suntasach i Meán Fómhair – *Playing to our Strengths – ról na n-ealaíon, na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta agus impleachtaí do pholasáí poiblí*.

Ainneoin na dtoscaí deacra eacnamaíochta lean an Rialtas d'acmhainní a thiomnadh do thaighde agus do nuálaíocht agus in lúil sheol an Taoiseach an cúigíú thimthriall den Chlár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (CTITL). Tógfaidh an infheistíocht seo ar rath na gceithre thimthriall roimhe seo ar a ndearna an ÚAO bainistíocht thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Aistríodh freaghracht ar leibhéal Roinne as an gclár go dtí an Roinn Fiontar Tráchtála agus Nuálaíocha, agus

d'fhorbair an ÚAO dea-chaidreamh oibre leis an Roinn sin i rith 2010.

Chríochnaigh an áirithe sin ball a dtéarmaí oifige i rith 2010. Orthu sin bhí Mr. Michael Kelly a bhí ina chathaoirleach ó Mhárta 2005, An tOllamh Tom Boylan, An Dr. Tommy Cooke, Mr. Michael Cotter, Mr. Martin Cronin, Ms. Doreen Delahunty, Mr. Louis Dockery, Ms. Sheila Drum, Mr. Peter Mannion agus an tOllamh Sarah Moore. Is mian leis an ÚAO an chinnireacht a sholáthair Mr. Kelly agus na gnáthbhaill le linn a dtéarma oifige a admháil.

Foileseacháin ÚAO, 2010


Meastar don ÚAO soláthar ar chomhairle agus ar shonraí iontaofa ar agus don earnáil mar phríomhról. D'eisíodh na foileseacháin seo a leanas in 2010. Is féidir teacht orthu uile ar shuíomh gréasáin an ÚAO, www.hea.ie.

- Bunfhíricí agus Fígiúir 09/10
- Staidéar ar dhul chun cinn in Ard-Oideachas in Éirinn
- PLAYING TO OUR STRENGTHS: Ról na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta agus Impleachtaí don Pholasáí Poiblí
- Iniúchadh Seachtrach ar Shuirbhéireacht Chomhrochtana an ÚAO
- Cad a dhéanann Céimithe? Rang 2008
- Páipéar na Foghlama Solúbtha ÚAO
- Míbhuntáiste faoi Cheilt? Staidéar ar Rannpháirtíocht Íseal an Ghrúpa Neamh-Láimhe san Ard-Oideachas
- Staidéar ar chostais rannpháirtíochta san Ard-Oideachas
- Sna rannóga ina dhiaidh seo den tuarascáil seo soláthraítear a thuilleadh mionsonraithe ar raon d'fhorbairtí suntasacha don ÚAO agus d'earnáil an ardoideachais in 2010.

CISTÍOCHT

Ar cheann de na príomhchúraim ar an ÚAO tá leithdháileadh cistíochta poiblí ar institiúidí ardoideachais. Bhain an cheist ba shuntasáí maidir le cistíocht atréimhseach in 2010 leis an laghdú ar bhun-leithdháiltí. Cuireadh na hinstiúidí ar fad ar an eolas maidir lena leithdháiltí atréimhseacha do 2010 i bhFeabhra 2010 agus iarradh orthu buiséid bunaithe ar na leithdháiltí seo a chur isteach. Chas Feidhmeannacht an ÚAO le 26 institiúid le plé a dhéanamh ar a stádas buiséid bunaithe ar an leithdháileadh bunaidh seo.


Ainneoin deacrachtaí na cistíochta atréimhsí, d'éiligh an ÚAO go -



Mórthosaíocht ab ea monatóireacht ar stádas airgeadais na n-institiúidí i gcaitheamh na bliana.

Leanadh d'fheidhmiú an Chreatrialacháin Fostaíochta, atá ina pholasáí Rialtais le líon na foirne san earnáil a laghdú, in 2010. Déanann Coiste Monatóireachta, faoi chathaoirleacht an ÚAO, maoirseacht ar fheidhmiú an Chreatrialacháin. Tháinig an Coiste le chéile roinnt uaire le saincheisteanna a d'eascair as feidhmiú an Chreata a phlé. Lean Feidhmeannacht an ÚAO ag bailiú tuairisci ráithiúla agus ar mhonatóireacht ar an laghdú ar an líon. Rinneadh plé ar iarratais ar shainphostanna ó institiúidí ar bhonn rialta i rith 2010 ag teacht le téarmaí an Chreata. Bhain earnáil an ÚAO amach na spriocanna a leagadh amach sa Chreat.

Leanadh d'fhorbairt na Samhla um Leithdháileadh Deontais Atréimhsigh (SLDA) in 2010. Bhí tábhacht ar leith le -



In 2010 chomh maith leanadh den dul chun cinn ar thabhairt isteach samhla nua cistíochta d'instiúidí teicneolaíochta ar a n-áirítear anailís ar chostais aonad, leithdháileadh do ghrúpaí praghas ábhair agus leithdháiltí deontas samhaltacha bunaithe ar uimhreacha ualaithe de réir praghas-ghrúpa. Thug an ÚAO faomhadh chomh maith do €10m breise le leithdháileadh ar bhonn prionsabal nua cistíochta.

Ar na gnóthachtana suntasach eile do 2010 bhí

- láithriú don ÚAO ar an Athbhreithniú ar Shamhla Leithdhálte Acmhainní Inmheánacha in instiúidí ÚAO,
- Athbhreithniú an ÚAO ar Mhuirear na Mac Léinn,
- Tuarascáil ar stádas Caipitil na nOllscoileanna, agus
- réamhdhoiciméad ar Mheamram Airgeadais atá beartaithe.

I bhfianaise an ghéarghá coigilt a dhéanamh ar bhuiséid, lean an ÚAO in 2010 de bhéim a chur ar sheirbhísí/sholáthar i bpáirt laistigh d'earnáil an ardoideachais. Ar lorg ceardlanna a reáchtáladh in 2009, reáchtáladh ceardlann eile ar an 22ú Meán Fómhair 2010 i dTeach Farmleigh. Sholáthair seo deis lenar foghlaimíodh ar an gcleachtas is fearr i rith 2009/10 a roinnt, nuashonrú a fháil ar thionscnaimh rathmhara, taiscéaladh a dhéanamh ar an bhféidearthacht forleathadh a dhéanamh ar thionscnaimh reatha go láithreán eile agus go rannpháirtithe eile amach anseo chomh maith leis na céad chéimeanna eile a aithint. Leanfar de thosaíocht a thabhairt don réimse seo in 2011.

Mar chuid den mhonatóireacht leanúnach ar Oideachas Liachta i rith 2010 lean feidhmeannacht an ÚAO ag plé leis an gCoiste Náisiúnta ar Liachta Leighis, an Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach Polasaí ar Oideachas Liachta agus le comhordú Choiste na bhFochéime. Bunaíodh Grúpa Oibre le forbairt a dhéanamh ar shamhail chothromasach cistíochta maidir le suiteáil chliniciúil.

Cur chun cinn Gairmréanna Ríomhaireachta

Tá comhdhearcadh coitianta ann maidir le tábhacht TFC d'fhorbairt eacnamaíochta agus léiríodh athuair imní an rialtais agus na bhfostóirí faoin éileamh atá ar chláir TFC san ardoideachas. Ar an tacaíocht a sholáthraítear don earnáil, sholáthair an ÚAO tacaíocht do Champaí Samhraídh Ríomhaireachta in 12 Instiúid Ard-Oideachais. D'fhreastal breis is 400 mac léinn meánscoile ar fad. Tá sé i gceist forbairt agus leathnú breise a dhéanamh ar an gclár seo.


Tionscadal E-InfraNet.

Anuraídhe rinne Coimisiún na hEorpa cistiú ar e-InfraNet, tionscadal ar a ndearna an ÚAO comhordú. Reáchtáladh ceardlanna rathmhara i mBaile Átha Cliath, sa Lóbháin agus Heilsincí. Tá na torthaí inseachadtha ó na ceardlanna seo ar fáil ar shuíomh gréasáin e-InfraNet ag

[http://e-infranet.eu/.](http://e-infranet.eu/)

Cistíocht Caipitil

Eilimint eile suntasach i ról cistíochta an ÚAO is ea tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt caipitil na n-institiúidí ardoideachais. Ar bhuaicphointí chlár caipitil an ardoideachais in 2010 bhí:



ROCHTAÍN

Feidhmíonn an Oifig Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ard-Oideachas laistigh den ÚAO. Tá cúram curtha air tacaíocht a thabhairt do na hinstiúidí ardoideachais maidir le feabhas a chur ar rannpháirtíocht i measc grúpaí le tearcionadaíocht in ár n-ollscoileanna, ár n-institiúidí agus ár gcoláistí.

Baineadh amach garspíocanna áirithe in 2010.

Athbhreithniú Meántéarma Déanta ar an bPlean Rochtana Náisiúnta 2008-2013

Cuireadh an obair chun cinn in 2010 ar athbhreithniú meántéarma ar an bPlean Náisiúnta um Rochtaí ar Ard-Oideachas 2008-2013. Déanann an t-athbhreithniú measúnúchán ar ghnóthachtana ó 2008-2010 agus ar dhul chun cinn ar na spriocanna náisiúnta a ceapadh do 2010. Foilsíodh an tAthbhreithniú Meántéarma go luath in 2010.

Tuarascálacha ar Dhul chun cinn ar Rochtaí agus ar Fhoghlaím ar feadh an tSaoil

I mBealtaine 2010 iarradh ar na hinstiúidí uile ardoideachais a chistíonn an ÚAO nuashonrú a sholáthar ar a ndul chun cinn ar rochtain agus ar fhoghlaím ar feadh an tsaoil ó 2006 i leith. Cuireadh na tuarascálacha comhlánaithe ar ais in Iúil 2010 agus úsáidfear gach aon tuarascáil ar leith, in éineacht le pleannanna rochtana institiúideacha ina thuilleadh comhphlé le gach aon institiúid ar leith ar a ndul chun cinn agus ar a gcuid pleannanna don todhchaí in 2011.

Gníomhú ar Mhargadh an tSaothair/Cistíocht Lingchláir

In 2010 lean an ÚAO ar chomhairle agus tacaíocht a thabhairt maidir le tionscnamh ghníomhaíochta mhargadh an tsaothair don Roinn Fiontar Tráchtala agus Nuálaíochta agus don Roinn Oideachais agus Scileanna. Bhí an ÚAO ar cheann de shé ghníomhaireacht ar an bpainéal le measúnú a dhéanamh ar iarratais tairisceana ag soláthróirí oideachais ar Chistíocht um Ghníomhú ar Mhargadh an

tSaothair in 2010. Tharla seo ar lorg gairme oscailte ar mholtáí ar thionscnamh oideachais agus oiliúna do dhaoine difhhostaithe ó Leibhéal 1-8 NFQ. Fógraíodh toradh an phróisis seo sa Mheitheamh. Cistíodh 6,600 áit oideachais agus oiliúna i shé sholáthróir is fiche, a bhformhór ar Leibhéal 1 go 5; Ar a shon sin, cistíodh 400 áit san ardoideachas, go príomha in earnáil na hInstitiúide Teicneolaíochta. Ar lorg measúnaithe ag an Oifig Náisiúnta Rochtaí ar fhorbairt mhargadh an tsaothair go dáta chomh maith le moltaí don am a bhí le teacht, fógraíodh ciste nua €20 milliún, ilbhliantúil le deiseanna ardoideachais a sholáthar do dhaoine difhhostaithe, mar chuid de na beartais bhuiséid do 2011. Tóigfaidh an ciste 'Lingchláir' seo ar na cláir a reáchtáladh in 2009 agus 2010 agus tá bainistíocht á dhéanamh air ag an ÚAO thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna

Polasaí Nua um Chúrsaí Rochtaí

Lean tascfhórsa nua den ÚAO, le baill áirithe neamh-ÚAO, ar obair a thosaigh in 2009 ar cheist rochtana ar chúrsaí. De thoradh ar an bpróiseas seo forbraíodh ráiteas polasaí ar chúrsaí rochtana agus mhodúil le spriocgchrúpaí foghlaimeoíri a ullmhú d'iontráil san ardoideachas. Thug bord an Údarás um Ard-Oideachas faomhadh don ráiteas seo i nDeireadh Fómhair 2010 agus tá sé á mheasanois ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Forbairt Studentfinance.ie

Rinneadh beochan ar áis iarratais ar-líne do dheontais do mhic léinn d'aon ghníomhaireacht déag dámhachtana deontas ar www.studentfinance.ie i Meán Fómhair 2010. Cuireadh alt nua faisnéise ar na hathruithe ar cháilitheacht dóibh sin leis an Liúntas um Philleadh ar Oideachas ó 2010-11 chomh maith ar studentfinance.ie in 2010.

Taighde agus Luacháil ar Chothromas Rochtana ar Ard-Oideachas

In Eanáir 2010 d'fhoilsigh an ÚAO dhá staidéar a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta - '*Study on the Costs of Participation in Higher Education and Hidden Disadvantage?*' agus '*Study on the Low Participation in Higher Education by the Non-manual Group*'.

I rith Aibreán-Meitheamh 2010 rinneadh iniúchadh seachtrach ar shonraí um Chomhrochtain le measúnú a dhéanamh ar a stóinseacht mar bhealach le measúnú a dhéanamh ar éagsúlacht rannpháirtíochta san ardoideachas agus leithdháileadh cistíocha i dtacaíocht le tionscnaimh rochtana. Foilsíodh an t-iniúchadh in líil 2010. Tháinig sé den tábal go bhfuil na sonraí stóinseach, agus oiriúnach d'úsáid i leithdháileadh cistíocha rochtana laistigh de na samhla um leithdháileadh deontais atréimhsigh.

Bhí an ÚAO rannpháirteach i dtionscadal ECFE dar teideal *Pathways for Students with Disabilities to Tertiary Education and Employment*. Is aidhm don tionscadal cláir ardchaighdeáin eatramhacha a aithint maidir le héifeachtacht na tacaíochta a thugtar do dhaoine faoi mhíchumas ar aistriú dóibh go hoideachas iar-mheánoideachais, le linn oideachais threasaigh agus tríd go fostaíocht. Cuireadh an tuarascáil dheiridh ar an staid in Éirinn faoi bhráid an ECFE in 2010.

Samhail Leasaithe Cistíocha do Mhic Léinn faoi Mhíchumas agus Ciste Cabhrach Mac Léinn

Tugadh isteach samhail leasaithe don Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas in 2010; d'eisíodh treoirlínte d'institiúidí don tréimhse 2010-11

do na hinstiúidí uile. Tá níos mó soiléire á soláthar d'institiúidí ag an tsamhail, ar mhéideanna cistíocha agus ar chumasú leithdháilte tacaíochtaí agus garaíochtaí níos túisce do mhic léinn. Ag deireadh 2010, bhí thart ar 5,600 mac léinn faoi mhíchumas faofa do thacaíocht do 2010-11. In 2009-10 soláthraíodh tacaíochtaí teicneolaíochta, acadúla agus pearsanta do 4,963 mac léinn. €12.2m an t-oll-leithdháileadh in 2009-10. €13.6m an leithdháileadh iomlán atá ar fáil do 2010-11.

In 2010 chomh maith tugadh isteach samhail leasaithe do Chiste Cabhrach na Mac Léinn. Tarraingíonn an tsamhail nua ar Shonraí um Chomhrochtain, in éineacht le líon na mac léinn, le leithdháiltí a dhéanamh d'institiúidí rannpháirteacha. Leithdháileadh €5 milliún d'institiúidí do 2010-11.

Na Chéad Chéimithe ó Dhámhachtain Forbartha Gairmiúil ar Pholasaí agus Chleachtas Rochtana

Bhronn POF an ÚAO dámhachtainí san ÚAO i mBealtaine 2010 don bhfiche rannpháirtí, ar iad na chéad chéimithe iad ar mhodúl Leibhéal 9 NFQ i *Rochtain ar Ard-Oideachas*: *Comhionannas i bPolasaí agus i gCleachtas*. An tlonad um Staidéir Chomhionannais i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, i gcomhair le líonra Oifigeach Rochtana AMA agus le tacaíocht ón Oifig Rochtana Náisiúnta a d'fhorbair an modúl. Lean an modúl ar aghaidh le rannpháirtíocht níos leithne a chuimsíonn daoine atá ag obair ar thacaíocht a thabhairt do rochtain ar ardoideachas ar an dara leibhéal agus sa phobal.

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

Tá bainistíocht cistíochta agus forbairt polasaí maidir le clár taighde agus nuálaíochta ina mbunghníomhaíochtaí don Údarás um Ard-Oideachas. Bliaín forbartha mór le rá ab ea 2010.

Timthriall 5 PRTLI

D'fhógair an Taoiseach, Brian Cowen TD, dámhachtain cistíochta taighde faoi Thimthriall 5 PRTLI i mí an lúil. Cruthóidh an pleán infheistíochta do thaighde agus nuálaíochta postanna agus fiontair nua, rud a thiomáinfidh athshlánú eacnamaíochta na hÉireann. Soláthróidh an obair thógala faoi infheistíocht Thimthriall 5 PRTLI breis is 64,000m/cr de spás taighde i bhfoirgnimh nua agus athchóirithe ar na campais ardoideachais agus cruthóidh 2,000 éigin post san earnáil. Cruthóidh na tionscadail taighde 379 post go díreach agus líon suntasach de staidéarachtaí taighde. Ag seoladh Timthriall 5 dó leis an Taoiseach, dúirt an tAire Fiontar, Tráchtála agus Nuálaíochta, Mr. Batt O'Keeffe TD go gcabhródh an pleán cúig bliana – an infheistíocht is mó riamh i dtaipeachtaí stair an Stáit- le postanna 'cliste' a chruthú agus le hÉirinn a bheith ina mol nuálaíochta don Eoraip.

Athbhreithniú Meántearma ar Thimthriall 4 PRTLI

Críochnaíodh Athbhreithniú Meántearma ar Thimthriall 4 PRTLI i Mí na Samhna. Meastar ó anailís ar thorthaí an athbhreithnithe go bhfuil tionscadail a cistíodh faoi Thimthriall 4 ar sprioc lena dtorthaí agus a spriocanna bunaidh a bhaint amach.

Measúnú Tionchair Eacnamaíochta PRTLI

Chuaigh an ÚAO i mbun measúnaithe tionchair PRTLI le PS Consulting Ltd. Cuimseoidh an measúnúchán scrúdú ar fhás na n-ionad/dtionscnamh PRTLI, cistithe faoi Thimthrialla 1 go 3, óna dtús. Críochnófar an tuarascáil go luath in 2011.

Creatchlár 7 – Infraestructúir Taighde

Ó sheol Coimisiún na hEorpa CF7 go luath in 2007, bhí 102 taighdeoir Éireannach rannpháirteach in iarratais ar Chlár Infraestructúir CF7; d'éirigh le 44 iarratasóir dá leithéid sin cistíochta a fháil do 36 tionscadal go dtí seo.

Tá iarratas ar dheontas ó Choimisiún na hEorpa do rannpháirtíocht sna tionscadail seo ag €11.3 milliún, geall leis (1.1% den mbuiséad ar fad atá ar fáil). Tá seo i bhfrithshuíomh le 21 tionscadal ar éirigh leo agus a fuair 3.8 faoin gclár céanna in FP6 (2002 – 2006) agus ciallaíonn sin rannpháirtíocht shuntasach níos mó i gCreatchlár 7.

Is fiú a thabhairt faoi deara gurb iad na hinstiúidí ardoideachais an príomhthairbí sa CF7 trí chéile, ag fáil 62% den chistíocht uile dá bhfuil ar fáil.

Spreagadh ar Aschuir Taighde a chur in lúl

Lean an ÚAO ar óstáil teagmhais Making an Impact a réáctáladh in Amharclann Helix, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath san Aibreán. Thug an ÚAO i gcomhpháirt leis an Irish Independent cuireadh do mhic léinn taighde sna disciplíní uile aighneacht ghearr a chur isteach ar an difríocht a dhéanfaidh a gcuid taighde ar ghné ar leith de shaol na hÉireann, don tir trí chéile nó go hidirnáisiúnta. Fuarthas breis is 2,000 aighneacht agus uaidh seo ghlac seisear taighdeoir páirt sa teagmhas, inar bronnadh €2,500 ar Aidan Quilligan a bhuaigh dámhachtain na moltóirí lena aighneacht "Optamúchán Thúr Tuirbíní Gaoithe Coincréite" agus Roisin O'Shea a bhuaigh vóta na mac léinn sa lucht éisteacha lena haighneacht "Dlí Teaghlaigh in Éirinn".

Míreanna Móra de Threalamh Taighde (MMTT) –Suirbhéireacht 2010

Tá tionscain déanta ar fhárdal a chruthú de mhíreanna móra de threalamh taighde, dar luach breis is €100,000, i seilbh na hearnála ardoideachais. Chuimsigh an tsuirbhéireacht ceisteanna ar pholasaithe rochtana ar threalamh.

Tá athbhreithniú ar shuirbhéireachtaí atá críochnaithe ar siúl agus tá obair ar siúl chomh maith maidir le forbairt ar fhormáid oriúinach bunachar sonraí do na sonraí.

Athbhreithniú ar Sholáthar Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta in Éireann

Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar sceideal dhéanach i Mí na Samhna agus críochnaíodh moltaí an phainéis faoi dheireadh na bliana. Meastar go ndéanfar dul chun cinn ar fheidhmiúchán agus ar mholtaí an phainéis i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara i rith 2011.

FORBAIRT POLASAÍ

Tá an ÚAO freagrach as forbairt polasaí maidir le hardoideachas agus taighde agus cuireann comhairle ar an Rialtas ar na ceisteanna sin chomh maith le faisnéis agus staidreamh a sholáthar do raon fairsing éisteoirí, an pobal trí chéile san áireamh.

Tiomsaítear figiúir ar líon na mac léinn go rialta agus cuittear na torthaí ar shuíomh gréasáin an ÚAO.

Téann breis is

85%

**de na mic léinn ar
aghaidh ón chéad go dtí
an dara bliain.**

I nDeireadh Fómhair, d'fhoilsigh an ÚAO staidéar ar choinneáil ar choláiste a fuair amach go dtéann 85% de na mic léinn ar aghaidh ón chéad go dtí an dara bliain agus go bhfuil córas ardoideachais na hÉireann ionchurtha le tíortha eile maidir le dul ar aghaidh agus críochnú cúrsa i dtéarmaí mac léinn. Rinne an tuarascáil "Staidéar ar dhul ar aghaidh san Ard-Oideachas" anailís ar rátaí dul chun cinn mac léinn fochéime ardoideachais idir na blianta acadúla 2007/08 agus 2008/09. Líonn seo bearna sa bhonn fianaise don ardoideachas a ghabhann siar go staidéir earnálacha a rinneadh sna 1990aidí. Cé go ndíríonn an staidéar ar dhul chun cinn i dtréimhse tagartha bliana, tuigtear ó na torthaí gur fhan na rátaí críochnaithe buan agus gur dócha gur tháinig feabhas orthu trí thréimhse leanúnach leathnaithe in ardoideachas in Éirinn. Is deachomhartha é seo ar chailíocht an chórais ardoideachais in Éirinn.

Baill ÚAO

Ceapann an Rialtas baill an ÚAO ar ainmniúchán an Aire Oideachais agus Eolaíochta de ghnáth go ceann tréimhse 5 bliana, ach amháin d'Uachtarán Aontas na Mac Léinn a bhíonn ina b(h)all le linn dó/di a bheith in oifig mar Uachtarán ar Aontas na Mac Léinn. Baill ÚAO do 2010:

Ballraíocht Bhord ÚAO 2010

An tOllamh Tom Boylan (go 5/12/10)

An Dr. Cepta Brougham

An Dr. Mary Canning (Leaschathaoirleach ó Mheán Fhómhair 2010)

An Dr. Tommy Cooke (go 5/12/10)

Ms Grace Corcoran

Mr. Michael Cotter (go 5/12/10)

Mr. Martin Cronin (go 5/12/10)

An tOllamh Mary Daly(Leaschathaoirleach go Meitheamh 2010)

Mr. Noel Davern

Ms. Doreen Delahunty (go 5/12/10)

Mr. Louis Dockery (go 5/12/10)

Ms Sheila Drum (go 5/12/10)

Mr. Michael Kelly, Cathaoirleach (go 30/09/10)

Ms Kathleen Lough

Mr. Ray McCarthy

Mr. Peter Mannion (go 30/06/10)

Professor Sarah Moore (go 5/12/10)

Mr. Gary Redmond (ó 1/7/10)


An tOllamh Frances Ruane

An Dr. Jim Ruane

Tá rianú déanta in agusín 1 ar na cruinnithe den Údarás agus den choiste seasta a freastalaíodh. Íocatar táille atá faofa ag an Aire Airgeadais leis na baill. Tá íocaíochtaí taistil agus cothabhála ag teacht leis na rátaí atá faofa ag an Aire Airgeadais. Tá na sonraí rianaithe in agusín a dó.

Cruinnithe den ÚAO

Is gnách cruinnithe den Údarás um Ard-Oideachas a reáchtáil gach dara mí. Reáchtáladh sé chruinniú den Údarás in 2010. Gabhann an ÚAO i mbun oibre trí thrí choiste seasta agus tascfhórsaí a bhunaíonn sé ó am go chéile. Reáchtáladh cruinnithe de na tascfhórsaí seo a leanas i rith 2010:



Cód Cleachtais Leasaithe Nua do Rialachas Chomhlachtaí Stáit 2009

Tháinig tascfhórsa le chéile i bhFeabhra 2010 le géilliúntas an ÚAO don chód cleachtais leasaithe a phlé. Thángthas chun réitigh ar an áirithe sin athruithe ina measc athruithe ar chód cleachtais na mball agus Pholasaí soláthair an ÚAO.

COISTÍ AN úao

Coistí Iniúchóireachta

Is é is príomhchúram an Choiste Iniúchóireachta ná cabhrú leis an Údarás lena fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlánú. Déanann sé seo trí athbhreithniú ar an fhaisnéis airgeadais a sholáthraítear i gcuntas iniúcta an ÚAO; úsáid a bhaint as córais seanbhunaithe inmheánacha rialála airgeadais agus bainistíochta riosca; agus feidhm an iniúcta inmheánaigh.

I rith 2010 tháinig ana Coiste le chéile ceithre huaire agus phléigh na ceisteanna seo a leanas:

- Cuntas bhliantúla an ÚAO
- Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca
- Córas rialála inmheánach airgeadais
- Polasaí ÚAO ar bhronntanais agus fhéile
- Polasaí agus plean soláthair ÚAO
- Tuarascáil an Iniúcta Inmheánaigh ar rialachas do IRCHSS agus IRCSET
- Plean Aisghabhála Tubaiste TF
- Socruithe Baincéireachta ÚAO

Baill de Choistí Iniúchóireachta an ÚAO

- Ms. Doreen Delahunty go 5 Nollaig 2010
- Mr. Louis Dockery go 5 Nollaig 2010
- Mr. Martin Cronin go 5 Nollaig 2010
- Dr. Jim Ruane, cathaoirleach an choiste

Coiste Airgeadais

Tháinig Coiste Airgeadais an ÚAO le chéile ceithre huaire in 2010. Lena chois sin, reáchtáladh cruinníu ionchorpraithe i Mí na Nollag. Is é is príomhról don Choiste ná athbhreithniú agus moladh a thabhairt don Údarás ar na leithdháiltí atréimhseacha atá beartaithe do na hOllscoileanna, d’Institiúidí Teicneolaíochta agus do chomhlachtaí eile a chistíonn an tÚdarás, chomh maith le leithdháiltí cistíochta faoin áirithe sin clár breise.

Baill Choiste Airgeadais an ÚAO

- An Dr. Mary Canning Leaschathaoirleach (ó 1 Deireadh Fómhair 2010)
- Mr. Michael Kelly (Cathaoirleach) go 30 Meán Fómhair 2010
- An tOllamh Tom Boylan go 5 Nollaig 2010
- Mr. Martin Cronin go 5 Nollaig 2010
- Mr. Louis Dockery go 5 Nollaig 2010
- Ms. Sheila Drum go 5 Nollaig 2010
- Mr. Ray McCarthy
- Mr. Peter Mannion go 30 Meitheamh 2010
- Mr. Gary Redmond ó 1 Iúil 2010
- Am tOllamh Frances Ruane

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014

Tá plean gníomhaíochta glactha ag an ÚAO faoin gcomhaontú thusa luaite. Rianaíonn an comhaontú gníomhaíochtaí faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Bainistíocht níos fearr ar acmhainn dhaonna
- Próisis níos fearr gnó
- Seachadadh don saoránach

Tá cóip de phlean gníomhaíochta an ÚAO ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚAO.
www.hea.ie/en/node/1446

Feidhmeanna agus Reachtáiocht


Díorthaítar feidhmeanna ginearálta an ÚAO ón reachtaíocht seo a leanas:

Acht An Údarás Um Ardoideachas 1971,

Acht na nOllscoileanna 1997

Acht na hInstitiúide Teicneolaíochta 2006

Cuimsíonn na feidhmeanna seo:



Cuimsíonn feidhmeanna eile ó Acht 1971:

- Comhairle a chur ar an Aire ar an ngá atá le hinstitiúidí nua a bhunú.
- Athbhreithniú leanúnach ar an éileamh agus ar an ngá atá le hardoideachas.
- Staidéir a reáchtáil agus a fhoilsiú ar dhúshláin ag a mbíonn éifeacht ar ardoideachas agus ar thaighde
- Measúnú a dhéanamh ar sholáthar airgeadais an stáit, reatha agus caipítíl araon, a mholtar d'ardoideachas agus do thaighde.
- Na deontais a vótáileann an tOireachtas a leithdháileadh i measc na nOllscoileanna, na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus na n-institiúidí sainithe.

Faoi Acht na nOllscoileanna 1997, agus Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006 ina dhiaidh sin leath cúram an Údaráis um Ard-Oideachas agus tá líon breise feidhmeanna anois aige maidir leis an earnáil ardoideachais. Ar na réimsí atá clúdaithe tá:

- Pleananna straitéiseacha forbartha
- Próisis dearbhaithe cálíochta
- Polasaithe agus feidhmiúchán comhionannais agus rochtana
- Creata do: Imeachtaí Tuarastail; lasachtaíocht; iocaíochtaí Corporáidí Institiúideacha le foirne; Sealbhú Talún.

Reachtaíocht eile Ábhartha

Is ann do líon áirithe Achtanna Rialtas ag a bhfuil ábharthacht ar leith don ÚAO i mbainistíocht a ghnó

Acht um Shaoráil Faisnéise

- Ó Eanáir 2001, tá an ÚAO faoi réir ag forálacha an Acharta um Shaoráil Faisnéise (SF), 1997. Dearbhaíonn an tAcht ceart bhall den phobal ar rochtain ar fhaisnéis oifigiúil oiread agus is féidir , ag teacht le leas an phobail agus le ceart príobháideachta an duine aonair. Bunaíonn an Acht trí cheart nua reachtúla:
- Ceart dlíthiúil do gach duine ar leith rochtain ar fhaisnéis i seilbh chomhlachtaí poiblí:

- Ceart dlíthiúil do gach duine ar leith go gceartófaí faisnéis oifigiúil a bhaineann leis/léi féin a leasú nuair atá sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- Ceart dlíthiúil le cinntí a bhaineann leis an duine féin a fháil.

Go dtí seo, tá 79 iarratas faigthe ag an ÚAO (Deireadh Fómhair 2001- Nollaig 2010).

Ceadaíonn an tAcht SF rochtain phoiblí ar thaifid atá i seilbh an ÚAO, nach bhfuil ar fáil mar ghnás trí fhoinsí eile. Tá rochtain ar fhaisnéis faoin Acht faoi réir ag díolúintí áirithe agus cuimsíonn sé sainphróisis agus teorainneacha ama.

Tá cóipeanna de Lámhleabhair ÚAO – Alt 15 (Struchtúr agus Feidhmeanna an Údaráis) agus Alt 16 (rianú ar na rialacháin agus na fasaigh a úsáideann an ÚAO i gcomhlíonadh a fheidhmeanna) mar a éiltear faoin acht, ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚAO:
<http://www.hea.ie/en/foi>

Fuair an ÚAO 11 iarratas faoin Acht i rith 2010, géilleadh ceithre cinn díobh seo, géilleadh cuid de cheann, tarraigíodh siar cúig cinn (ceann díobh seo á láimhseáil lasmuigh den SF) agus tá cás amháin ar feitheamh.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá an ÚAO sainithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Is bunspríoc ag an acht é deimhin a dhéanamh de rochtain níos fearr agus caighdeán níos airde seirbhísí poiblí trí Ghaeilge. Déanann Acht na dTeangacha Oifigiúla iarracht ar éifeacht reachtúil a thabhairt, chomh fada agus a bhaineann le seachadadh seirbhísí, d'Airteagal 8 den mBunreacht mar a leanas:

- Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í
- Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile
- Ach féadfar socru a dhéanamh le dlí d'fhoinn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de

Ag teacht le Cuid 3, (alt 9-13 den Acht, d'ullmhaigh an ÚAO scéim ag sonrú cé na seirbhísí atá i gceist aige a sholáthar trí na bealaí seo a leanas:

- Trí mheán na Gaeilge amháin
- Trí mheán an Sacs-Bhéarla amháin, agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Sacs-Bhéarla araoen.

Athúsáid Faisnéise na hEarnála Poiblí

Leagann rialacháin athúsáide faisnéise na hEarnála Poiblí 2005 amach creat comhchuibhithe lenar féidir rochtain a dhéanamh ar shonraí na hearnála poiblí ar fud an AE. Tá an Treoir ceaptha le gníomhaíocht eacnamaíochta, nuálaíocht agus iomaíochas a spreagadh agus le cabhrú le héabhlóidiú eacnamaíochta agus sochaí faisnéis agus eolasbhunaithe

Géilleann An tÚdarás um Ard-Oideachas do na rialacháin ar athúsáid faisnéise na hEarnála Poiblí 2005 agus spreagann sé go gníomhach athúsáid na faisnéise a tháirgímid. Tá na rialacháin ar fáil ag www.psi.gov.ie

Acht un Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí, 2001

Ag teacht le forálacha na nAchtanna thusas, tá ar bhaill an Údaráis ráitis ar leasa ar bith don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Soláthraíonn baill sinsearacha den bhFeidhmeannacht ráitis ar leasa don Phríomhfheidhmeannach.

Achtanna um Chomhdheiseanna Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá an ÚAO tiomanta do pholasáí comhdheiseanna. Tá líon áirithe polasaí comhaontaithe lena Choiste comhpháirtíochta, a chuimsíonn polasaí comhdheiseanna agus polasaí dínte ag an obair. Tá líon áirithe scéimeanna bunaithe ag an Údarás chomh maith le feabhas a chur ar dheiseanna

cothromaíochta oibre is saol ar a n-áirítear scéim fleisc-ama agus polasaí foirmeálta ar oibriú páirtaimseartha a aontaíodh in 2008. Bhí socrúchán amháin ag an ÚAO faoi chlár monatóireachta AHEAD, toilteanach agus inniúil i rith 2010.

Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

Tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag an ÚAO ag teacht leis an Acht. Rinneadh athbhreithniú air seo in 2007.

In 2007 thug an ÚAO isteach Clár Cúnaimh i gComhair Fostaithe dá fhoireann agus dá bpinsinéirí.

Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Géilleann an ÚAO d'fhorálacha an Achta thusas agus tá socruithe curtha ar fáil aige le deimhin a dhéanamh de go n-íocatar na sonraisc uile go pras.

Plean maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Ar lorg comhairliúcháin lena pháirtithe leasmhara ghlac an ÚAO le Plean maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí in 2005. Rinneadh athbhreithniú ar an bplean seo in 2009.

Tionscnaimh Cairdiúla don Chomhshaol

Feidhmíonn an ÚAO scéim athchúrsála. Ghlac an tÚdarás a thuilleadh beartas le laghdú ar úsáid páipéis. In 2009, rinne an t-aonad TF athbhreithniú ar bhealaí le feabhas a chur ar éifeacht fuinnimh a chuid ríomhairí pearsanta.

Aguisín a hAon

Ballraíocht ÚAO agus na Cruinnithe a Freastalaíodh i rith 2010

	Cruinnithe an Údaráis a freastalaíodh	Cruinnithe den Choiste Airgeadais a freastalaíodh	Cruinnithe den Choiste Íniúchóireachta a freastalaíodh	Cruinnithe den Tascfhórsa a freastalaíodh (11 chruinniú)
An tOllamh Tom Boylan go 5/12/10	3 as 6	2 as 4		1 as 5
An Dr. Cepta Brougham	5 as 6			2 as 4
An Dr. Mary Canning	6 as 6	1 as 1		6 as 9
An Dr. Tommy Cooke go 5/12/10	6 as 6			7 as 8
Ms Grace Corcoran	6 as 6			4 as 9
Mr. Michael Cotter go 5/12/10	5 as 6			0
Mr. Martin Cronin go 5/12/10	5 as 6	3 as 4	4 as 4	2 as 3
An tOllamh Mary Daly	6 as 6			9 as 9
Mr. Noel Davern	3 as 6			0
Ms Doreen Delahunty go 5/12/10	6 as 6		4 as 4	0
Mr. Louis Dockery go 5/12 5/12/10	3 as 6	4 as 4	4 as 4	1 as 1
Ms Sheila Drum go 5/12/10	4 as 6	2 as 4		1 as 1
Mr. Michael Kelly, Cathaoirleach go 30/9/10	5 as 5	3 as 3		7 as 7
Ms Kathleen Lough	6 as 6			6 as 7
Mr. Ray McCarthy	5 as 6	3 as 4		5 as 6
Mr. Peter Mannion go 30/06/10	1 as 3	0 as 3		0
An tOllamh Sarah Moore go 5/12/10	6 as 6			2 as 3
Mr. Gary Redmond ó 1/7/10	3 as 3	0 as 1		1 as 2
An tOllamh Frances Ruane	4 as 6	3 as 4		5 as 5
An Dr. Jim Ruane	5 as 6		4 as 4	